# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,*
*Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 17 - 23 Eanáir 2026**

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 18 Eanáir ar a 9.00rn**
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 18 Eanáir ar a 10.00rn**
**Intinn:** Caitlín Uí Dhúill, Cloichear agus Ráth Bhile, C.B agus Muintir Chatháin atá ar shlí na fírinne.
**Déardaoin, 22 Eanáir, ar a 9.30rn**
**Intinn:** Seán agus Cáit Máirtín, Na Gorta Dubha C.B.

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamon Mulvihill 066-7139145

**Guí an Phobail**
Máire Ní Lúing Uí Ráighne, Indreabhán agus Fán a fuair bás le déanaí.
Maureen Buckley, An Daingean, a fuair bás le déanaí.
Kevin Murphy, Londain, a fuair bás le déanaí.
David McNamara, Trá Lí agus An Daingean, a fuair bás le déanaí.
Wahmay Lin Keane, Corcaigh agus Baile an Fheirtéaraigh, 1ú C.B.
Máiréad Ní Uallacháin, Cúirt Phiarais agus Baile an Éanaigh, C.B.

Comhghairdeas le **Foireann Caide na Gaeltachta** a bhuaigh Cluiche Ceannais Idirmheánach na hÉireann an Domhnach seo caite. An Ghaeltacht Abú! Gach rath ar fhoireann an Daingin a bheidh ag imirt sa Chluiche Ceannais an Domhnach seo.

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 24 Eanáir ar a 7.30in**
**Intinn:** **1.** Seán Mac Gearailt, Baile Dháith, 1ú C.B.
**2.** Páid Ó Beaglaoi, Na Graffaí, C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 25 Eanáir, ar a 10.00rn**
**Intinn:** Séamus Ó Lúing, Na Cluainte agus a bhean chéile, Máire, C.B. agus Micheál agus Máire, atá ar shlí na fírinne.

**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Dé Máirt 7.00in, Déardaoin 9.30rn
**Séipéal na Carraige,**
Dé Máirt 9.30rn
Dé hAoine 7.00in

**Bailiúchán Speisialta**
Beidh Bailiúchán Speisialta ar mhaithe le Riachtanaisí sa Talamh Naofa, an deireadh seachtaine seo **17/18 Eanáir.**

## Scrín Nua Naomh Carlo Acutis

Beannófar Scrín Naomh Carlo Acutis i Séipéal Naomh Uinseann, Dé Máirt, 20 Eanáir. An Clár mar seo leanas:

**Adhradh na Naomhshacraiminte: 12.00 meán lae – 6.15in.**
**Faoistiní: 5.00 – 6.15in.**
**Beannú le taisí Naomh Carlo Acutis óna: 5.00 – 6.50in.**
**Ungadh na nEaslán: 6.15in.**
**Aifreann agus Beannú Scrín Naomh Carlo Acutis: 7.00in.**



**Naomh Carlo Acutis**
(1991-2006)
*Ní Mise Ach Dia*

Ár mbuíochas leis an ealaíontóir Ben Dearnley a dhein an dearadh agus an obair go léir. Buíochas chomh maith le Breandán Ó Sé a chuir isteach an bhunchloch. Go gcuití Dia go fial le gach éinne a thug cabhair airgid chun an togra a chur i gcrích. Bíonn cuimhneamh speisialta ar na daoine go léir a chabhraíonn leis na cistí difriúla sa pharóiste. B'fhéidir go gcuirfeadh sibh bhur gcairde agus bhur ngaolta ar an eolas mar gheall ar an bhfeachtas bailithe airgid chun costaisí cothabhála a chlúdach.

**Oilithreacht go Assisi:**
2 – 6 Bealtaine, 2026 (cailleadh Naomh Proinsias sa bhliain 1226, beidh sé caillte 800 bliain i 2026)
Má tá suim agat ann glaoigh ar Thigh na Sagart 9156131. *Mo Dhia agus m'Uile.*
**Oilithreacht na Deoise go Fatima (11 - 17 Bealtaine, 2026).** Stiúrthóir Spioradálta - An tAthair Noel Spring. Ó Aerfort na Sionainne. Gach eolas ó Karen 021-4851700, kcallaghan@travelnet.ie.

**Clúdaigh na Nollag**

Míle buíochas do gach uile dhuine a thug thar nais Clúdaigh na Nollag. Téann an t-airgead ós na clúdaigh seo do thuarastail na sagart. Úsáidtear na **Clúdaigh Seachtainiúla** do ghnáth chostaisí sa pharóiste: árachás, cothabháil, aibhléis. Buíochas ó chroí do gach duine a thugann tacaíocht don gciste seo. Buíochas go speisialta dos na daoine teagmhála a thugann amach na clúdaigh dúinn. **Má theastaíonn uait dul ar an liosta glaoigh ar Thigh na Sagart 9156131.**

## Treoracha do Bhaisteadh sa Pharóiste

Cuir glaoch ar Thigh na Sagart nó cuir r-phost go oifig@yahoo.ie. Cuirfear cóip den bhfoirm amach nuair a bheidh dáta socraithe. Cóip den dteastas breithe (iarrtar é seo chun a chinntiú go mbeidh na hainmneacha litrithe i gceart.)
Athair Baistí agus Máthair Bhaistí a roghnú: daoine atá baistithe agus a chuaigh faoi láimh easpaig. Beidh coinneal baiste ag teastáil. I gcás linbh atá i bparóiste eile caithfear cead a fháil ón sagart sa pharóiste sin an leanbh a bhaisteadh lasmuigh den bparóiste. Don gcéad leanbh iarrtar ar thuismitheoirí cúrsa gairid a dhéanamh leis an sagart chun na dualgaisí a bhaineann le baisteadh agus an searmanas féin a phlé.

## Seachtain do Aontacht na gCríostaithe

Gach bliain bíonn an ceiliúradh seo idir an 18 - 25 Eanáir. Cuimhnímid ar fhocail Íosa: 'Beidh aon tréad amháin ann, agus aon aoire amháin' (Eoin 10:16). Thuilleadh eolais https://www.oikoumene.org/

## Paidir ar son Aontacht na gCríostaithe

Guímis freisin ar son ár mbráithre uile a chreideann i gCríost, ionas gur fiú lenár dTiarna Dia iadsan a mhaireann de réir na fírinne a bhailiú agus a chumhdach ina aon Eaglais amháin. A Dhia uile chumhachtaigh shíoraí a bhailíonn a bhfuil scaipthe agus a chumhdaíonn a bhfuil bailithe, breathnaigh go caoin ar thréad do Mhic, ionas, an mhuintir ar naomhaigh an t-aon bhaiste amháin iad, go gceanglóidh iomláine an chreidimh le chéile iad agus go snaidhmfidh slabhra an ghrá iad in aon chomhluadar amháin. Trí Chríost ár dTiarna. Amen.
*Aoine an Chéasta – An Urnaí Uilechoiteann*

**Grúpa WhatsApp don bParóiste**

Má tá suim agat a bheith ar Ghrúpa WhatsApp an pharóiste cuir glaoch ar Thigh na Sagart 066-9156131 nó cuir r-phost go oifig@yahoo.ie, le d'ainm agus uimhir do guthán póca.

**Anam Cara Árlíne**

Beidh oíche eolais árlíne ag Anam Cara, Déardaoin, 22 Eanáir ar a 7.00in. Gach eolas www.anamcara.ie nó i.wiessner@anamcara.ie.

**Stampaí Úsáidte**

Tá beanrialta ag bailiú stampaí úsáidte ar mhaithe le daoine bochta thar lear. Má tá aon stampaí agat is féidir iad a fhágaint ins na séipéil. Bíonn cuimhneamh speisialta i rith na Nollag ar na daoine a thacaíonn leis an bhfeachtas seo.



**Ciste an Pharóiste € 1075.00**
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie